Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2592

30.9.2024

**CINNEADH (AE) 2024/2592 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 26 Meán Fómhair 2024**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais mar fhreagra ar Litir Stáit ón Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar na teorainneacha dliteanais a rinne ICAO faoi Airteagal 24 den Choinbhinsiún maidir le haontú rialacha áirithe i dtaca le hiompar idirnáisiúnta d'aer ('Coinbhinsiún Montréal')**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Coinbhinsiún maidir le hAontú Rialacha Áirithe i dtaca le hIompar Idirnáisiúnta d'Aer ('Coinbhinsiún Montréal') arna dhéanamh in Montréal an 28 Bealtaine 1999 a fhormheas trí bhíthin Chinneadh 2001/539/CE ón gComhairle ([1]).

(2) De bhun Airteagal 24(1) de Choinbhinsiún Montréal, tá an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), mar Thaiscí Choinbhinsiún Montréal, le hathbhreithniú a dhéanamh ar na teorainneacha dliteanais dá bhforáiltear in Airteagail 21, 22 agus 23 de ag eatraimh 5 bliana.

(3) Mar thoradh ar an athbhreithniú is déanaí a rinne ICAO, is gá na teorainneacha dliteanais dá bhforáiltear in Airteagal 21 agus in Airteagal 22(1), (2) agus (3) de Choinbhinsiún Montréal a choigeartú, mar a leagtar amach i Litir Stáit LE 3/38.1-IND/24/4 arna heisiúint ag ICAO an 28 Meitheamh 2024 ('Litir Stáit ICAO'). De réir Litir Stáit ICAO, tá na coigeartuithe sin le teacht i bhfeidhm le haghaidh na Stát is Páirtithe ar fad 6 mhí tar éis a bhfógartha, mura rud é, laistigh de 3 mhí tar éis an fhógra, go gcláraíonn tromlach na Stát is Páirtithe a míshástacht le ICAO.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in ICAO a bhunú, ós rud é go mbeidh na teorainneacha dliteanais athbhreithnithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 21 agus le hAirteagal 22(1), (2) agus (3) de Choinbhinsiún Montréal, agus ós rud é gur cuid dhílis é de dhlíchóras an Aontais.

(5) I bhfianaise chineál teicniúil an athbhreithnithe sin, lena leantar an modh ríofa a shainítear go soiléir agus a leagtar síos i gCoinbhinsiún Montréal, níl aon chúis ann go gcuirfeadh an tAontas i gcoinne an athbhreithnithe.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais gan míshástacht a chlárú maidir leis na teorainneacha dliteanais nua atá molta mar a leagtar amach i Litir Stáit ICAO.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais mar fhreagra ar Litir Stáit ICAO LE 3/38.1-IND/24/4, arna heisiúint ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta an 28 Meitheamh 2024 gan míshástacht a chlárú maidir leis na teorainneacha dliteanais nua atá molta a leagtar amach sa Litir Stáit sin.

([1]) Cinneadh 2001/539/CE ón gComhairle an 5 Aibreán 2001 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le hAontú Rialacha Áirithe i dtaca le hIompar Idirnáisiúnta d'Aer (Coinbhinsiún Montréal) ag an gComhphobal Eorpach (IO L 194, 18.7.2001, lch. 38).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

LÓGA M.